# Curaclam na Bunscoile a Athbhreithniú agus a Athfhorbairt

## Seimineár do Pháirtithe Leasmhara 1:  Cuspóir an Churaclaim

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

**Nollaig 2019**

# An Clár Ábhar


Curaclam na Bunscoile a Athbhreithniú agus a Athfhorbairt 1

Réamhrá 3

Plé 1 6

An cuspóir atá le curaclam náisiúnta 7

Tosaíochtaí don oideachas bunscoile 7

Cuspóir, aidhmeanna agus prionsabail lárnacha an chórais oideachais 8

Curaclam nó creat curaclaim is oiriúnaí do chomhthéacs na hÉireann 8

Plé 2 9

Athruithe sa tsochaí ó seoladh Curaclam na Bunscoile (1999) 10

Cé ar a bhfuil luach ag an tsochaí do pháistí agus don óige 10

Luachanna a chur in iúl i gcuraclam athfhorbartha bunscoile 11

Conclúid 12

# Réamhrá

Tá athbhreithniú agus athfhorbairt á déanamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar churaclam na bunscoile. Táimid ag obair le múinteoirí agus cleachtóirí luathoideachais, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus páistí, comhlachtaí bainistíochta, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara eile chun curaclam ardcháilíochta a fhorbairt idir seo agus deich nó cúig bliana déag. Caithfimid a chinntiú gur féidir le curaclam bunscoile na todhchaí taithí ábhartha agus mealltach a sholáthar do pháistí a chuireann lena n-óige agus lena mblianta níos deireanaí mar dhaoine fásta. Agus tosca comhthéacsúla á gcur san áireamh, baineann an obair le breith a thabhairt ar chuspóir, struchtúr agus ábhar churaclam na bunscoile athfhorbartha. Tá trí shnáithe chomhlántacha ag baint leis an obair seo: 1) Oibriú le scoileanna, (2) Taighde agus (3) Seimineáir le páirtithe leasmhara (féach Fíor 1). Cuireann gach snáithe leis na cinn eile agus cuidíonn sé le cruth a chur orthu agus mar a chéile, bíonn gach snáithe mar bhuntaca ag na cinn eile.

**Fíor 1: Trí shnáithe d'athbhreithniú agus athfhorbairt curaclaim**




In obair CNCM, tarraingítear go mór as taighde, agus dá bhrí sin scríobh taighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta sraith páipéar taighde gearr maidir le príomhghnéithe de churaclam bunscoile athfhorbartha. Tacaítear sna páipéir thaighde le rannpháirtíocht in athbhreithniú agus athfhorbairt churaclam na bunscoile. Is féidir teacht ar na páipéir thaighde i rannóg bunscoile shuíomh gréasáin CNCM ag www.ncca.ie. Táimid ag obair freisin le bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus

réamhscoileanna ar fud na tíre. Le chéile, léiríonn siad seo an éagsúlacht shaibhir comhthéacsanna scoile agus tá siad i bhFóram na Scoileanna.

Reáchtáil CNCM cúig sheimineár idir Márta 2018 agus Eanáir 2019. Rinneadh freastal ar an seimineár trí chuireadh chuig comhpháirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara níos leithne (féach Aguisín 1) agus bhí go leor de na múinteoirí, ceannairí scoile agus cleachtóirí luathbhlianta a d'fhreastail orthu ina mbaill d'Fhóram na Scoileanna (féach Fíor 2). Tugadh deiseanna sna seimineáir chun breith a dhéanamh ar na príomhphointí a bhí ag teacht ó na páipéir thaighde, agus chun plé agus cíoradh a dhéanamh ar na pointí seo ó dhearcthaí difriúla. Áiríodh i ngach seimineár cur i láthair ó spreagchainteoir (féach Aguisín 2) ag díriú ar ghnéithe tábhachtacha de churaclam na bunscoile. Bhí na cúig sheimineár leagtha amach mar seo a leanas:

- Seimineár 1: Cuspóir an Churaclaim
- Seimineár 2: Sineirgí Cumhachtacha
- Seimineár 3: Léargais Nua
- Seimineár 4: Turais Foghlama a Bhreisiú
- Seimineár 5: An Turas ar Aghaidh a Rianú.

**Fíor 2: Rannpháirtithe i seimineáir churaclaim**



# Curaclam na Bunscoile – Seimineár 1

Reáchtáladh Seimineár 1 'Cuspóir an Churaclaim' ar an 21 Márta 2018. Thug an Dr Thomas Walsh, Ollscoil Mhá Nuad, an chéad cur i láthair spreagaithisc. Tugadh anailís ina chur i láthair ar ábhar agus struchtúr an Ráitis Réamhrá le *Curaclam na Bunscoile* (1999). Bhí Plé 1 ar na cuspóirí atá ag curaclam náisiúnta agus tosaíochtaí don oideachas bunscoile ann tar éis an chuir i láthair spreagaithisc. Thug an Dr Jones Irwin, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an dara cur i láthair spreagaithisc ag an seimineár. Fiosraíodh ina chur i láthair pléití le déanaí ar fhealsúnachtaí agus aidhmeanna an oideachais mar aon le féachaint ar fhís don churaclam. Bhí Plé 2 maidir le luachanna i gcuraclam athfhorbartha ann tar éis an chuir i láthair spreagaithisc sin.

Deis a bhí sa phlé seimineáir do rannpháirtithe freagairt do na smaointe sna cuir i láthair agus iad a phlé. Bunaíodh iad timpeall ar shraith treoir-cheisteanna (féach Aguisín 2) agus rannpháirtithe ina suí ag boird chiorclacha chun plé agus díospóireacht a éascú. Cé go raibh pointí ann ar aontaigh na rannpháirtithe orthu, bhí roinnt easaontais ann freisin. Níorbh é an aidhm a bhí leis an bplé teacht ar chomhréiteach, ach cead a thabhairt do gach duine a chuid a rá agus cuimhneamh ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara eile a bhí rannpháirteach.

Seo a leanas léargas gairid ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn i rith na bpléití agus tá athfhriotail dhíreacha ó rannpháirtithe le feiceáil i gcló iodálach.

# Plé 1

Bhí an plé i Seimineár 1 dírithe ar Chuspóir an Churaclaim. Díríodh sa chéad phlé ar chuspóirí agus tosaíochtaí do churaclam náisiúnta ag leibhéal bunscoile. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Céard iad na cuspóirí atá le curaclam náisiúnta? Cén chaoi is fearr ar féidir leis tacú le hoideachas páistí i mbunscoileanna?
2. Tugtar léargas sa tábla thíos ar na tosaíochtaí don oideachas bunscoile bunaithe ar chomhairliúchán in 2012 (CNCM). Céard é do thuairim fúthu seo? An bhfuil siad cuimsitheach?

| **Tosaíochtaí na bunscoile** |
|---|
| • Smaointeoireacht, foghlaim agus scileanna saoil a fhorbairt<br>• Cumarsáid mhaith a dhéanamh<br>• A bheith go maith<br>• Scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt<br>• A bheith páirteach i bhfoghlaim<br>• Ómós aitheantais agus muintearais láidir a bheith ann |

3. Ar cheart go mbeadh cuspóir, aidhmeanna agus prionsabail lárnacha an chórais oideachais leagtha amach sa churaclam athfhorbartha nó ar cheart go ndíreodh sé ar churaclam na bunscoile amháin?
4. An curaclam nó creat curaclaim is oiriúnaí do chomhthéacs na hÉireann? Cén chaoi is fearr a d'fhéadfaí tacú le múinteoirí cibé solúbthacht atá ar fáil sa churaclam athfhorbartha a úsáid chun oiriúnú áitiúil a cheadú do riachtanais agus comhthéacsanna éagsúla?

Tháinig ceithre théama chun cinn ó na pléití seo:

- Na cuspóirí atá le curaclam náisiúnta
- Tosaíochtaí don oideachas bunscoile
- Cuspóir, aidhmeanna agus prionsabail lárnacha an chórais oideachais
- Curaclam nó creat curaclaim is oiriúnaí do chomhthéacs na hÉireann.

## An cuspóir atá le curaclam náisiúnta

Bhí rannpháirtithe den tuairim gur cheart go mbeadh fís don oideachas soiléir i gcuraclam ag leibhéal náisiúnta agus go soiléireofaí ann na luachanna agus na tosaíochtaí atá mar bhonn agus taca leis. Ba cheart go mbeadh struchtúr ann don fhoghlaim, agus go mbeadh aonfhoirmeacht, soiléireacht agus comhleanúnachas ar fud an chórais maidir le scileanna agus inniúlachtaí. Aontaíodh gur cheart go gcuirfeadh an curaclam ar chumas páistí smaoineamh astu féin agus an domhan mórthimpeall orthu a cheistiú; ba cheart go dtacódh sé le forbairt iomlánaíoch an pháiste agus sin a dhéanamh le tagairt do chaighdeáin náisiúnta. Anuas air sin, ba cheart go mbeadh treoir aige ó luachanna agus freagracht shóisialta le cur le forbairt saoránach atá réidh chun athruithe agus dúshláin na sochaí comhaimseartha a shásamh. Bhí dearcadh láidir ann, a mhéid agus ab fhéidir, gur cheart teanga shimplí, achomair agus shoiléir agus téarmaíocht chomhsheasmhach a úsáid sa churaclam. Aontaíodh má bhí curaclam nua le cur in ionad churaclam 1999, gur cheart go mbeadh forbhreathnú ar an gcuraclam athfhorbartha ina mbeadh réasúnaíocht shoiléir don fhorbairt agus treoshuíomh oideolaíoch ar leith. Leag rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcaidreamh idir an múinteoir agus an páiste agus an gá go mbeadh an caidreamh seo i gcroílár an churaclaim. Léiríodh freisin gur cheart go mbeadh páirt iomlán ag tuismitheoirí i bpróiseas athbhreithnithe an churaclaim trí chomhairliúchán dian agus forleathan. D'uireasa comhpháirtíocht le tuismitheoirí, bheadh drochthionchar aige ar an tuiscint shochaíoch ar cad is curaclam ann.

## Tosaíochtaí don oideachas bunscoile

Bhí rannpháirtithe den tuairim gur cheart go mbainfeadh oideachas bunscoile le forbairt agus cothú an pháiste iomláin; gur cheart go mbeadh an curaclam dírithe ar an bpáiste agus, a mhéid agus is féidir, faoi stiúir an pháiste. Ba cheart go mbeadh folláine an pháiste ina ghné thábhachtach in aon athfhorbairt churaclaim. *Caithfidh níos mó faoi bheith ag déanamh* a bheith i gcuraclam athbhreithnithe; tá foghlaim neamhfhoirmiúil fíorthábhachtach agus tugann sé scóip níos mó chun foghlaim faoi threoir an pháiste a chur chun cinn. Moladh, cé go bhfuil scileanna litearthachta agus uimhearthachta tábhachtach, nach tosaíochtaí uileghabhálacha iad. Caithfear scileanna ríthábhachtacha a mhúineadh do pháistí chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar eolas agus gan a bheith ina dtomhaltóirí sochaí amháin. Cé gur *cheart do thosaíochtaí a bheith leathan agus uileghabhálach* agus cé go bhfuil an tsochaí athraithe b'fhéidir *ó ré gnóthachtála go ré folláine*, d'fhéadfadh caillteanas soiléireachta a bheith ann *má dhéantar iarracht gach tosaíocht a chuimsiú*. Moladh, b'fhéidir *gur cheart go mbeadh aitheantas agus muintearas ar an gcéad tosaíocht*, ach ansin cén t-aitheantas dá

bhfuiltear ag tagairt, Éireannach nó áitiúil? Tugadh faoi deara an easpa spioradáltachta ón liosta. Freisin, b'fhéidir nach mbeadh *suíomh Chlár an Phátrúin* tacúil do churaclam a dearadh trí thagairt do na tosaíochtaí seo.

## Cuspóir, aidhmeanna agus prionsabail lárnacha an chórais oideachais

Braitheadh gur cheart go n-áireofaí sa churaclam forbhreathnú ar an gcóras oideachais mar bhealach chun leanúnachas, cuspóir comhroinnte agus ailíniú ar fud an chórais a thaispeáint: *i ndeireadh na dála, sreabhann an curaclam ó aidhmeanna agus luachanna an chórais oideachais.* Shásódh sé seo *riachtanas don chomhtháthú agus nascacht ar fud earnálacha* ach gan uathúlacht *spás na bunscoile* a chomhghéilleadh.

## Curaclam nó creat curaclaim is oiriúnaí do chomhthéacs na hÉireann

Thacaigh formhór na rannpháirtithe leis an tuairim gur creat ba cheart a bheadh i gceist leis an gcuraclam seachas curaclam saintreorach, ach cuireadh roinnt foláireamh in iúl. Bhí an plé dírithe timpeall ar neamhspleáchas agus freagracht na scoile agus an mhúinteora, chomh tarraingteach le saoirse ar lámh amháin, ach roinnt imní faoi ualach méadaithe na freagrachta as curaclam oscailte a phleanáil agus a fhorfheidhmiú. Bhí roinnt díospóireachta faoi cibé an raibh scoileanna agus múinteoirí 'réidh' chun bogadh chomh mór sin ón gcuraclam reatha lena ábhar atá sainithe níos soiléire. *Níor cheart dúinn léim go tobann ó chuspóirí curaclaim sonraithe chuig torthaí foghlama an-oscailte.*
*Cé go mbainfeadh curaclam réaduchtach (ceann atá an-saintreorach) an ghairmiúlacht agus an cumas ó mhúinteoirí ... ba cheart go mbeadh ráitis shoiléire i gcreat curaclaim maidir leis na riachtanais atá ag páiste chun gnóthachtáil a dhéanamh ag leibhéil áirithe, chun treoir a thabhairt do mhúinteoirí. Ceadaíonn cuir chuige* bunaithe ar ábhar nó *téamacha leibhéil níos mó comhtháthaithe, a laghdaíonn an bhraistint go bhfuil ró-ualach ar an gcuraclam agus a thugann rogha níos leithne.*
Mheas roinnt daoine gur deis iontach a bheadh i ríomh-churaclam chun an croí-churaclam a éabhlóidiú de réir mar a athraíonn riachtanais páistí agus na sochaí.

# Plé 2

Bhí an dara plé bunaithe ar luachanna i gcuraclam bunscoile athfhorbartha. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Céard iad na príomhathruithe a tháinig ar an tsochaí ó seoladh Curaclam na Bunscoile (1999) a bhfuil tionchar acu ar theagasc agus foghlaim i mbunscoileanna na hÉireann?
2. Cé ar a bhfuil luach ag an tsochaí do pháistí agus don óige?
3. Cén áit as ar cheart do luachanna agus cuspóirí morálta curaclaim teacht?

Tháinig ceithre théama chun cinn ó na pléití seo:

- Athruithe sa tsochaí ó seoladh Curaclam na Bunscoile (1999)
- Cé ar a bhfuil luach ag an tsochaí do pháistí agus don óige
- Luachanna agus cuspóirí morálta curaclaim
- Luachanna a chur in iúl i gcuraclam athfhorbartha bunscoile.

## Athruithe sa tsochaí ó seoladh Curaclam na Bunscoile (1999)

Dhírigh freagraí ar thionchar na teicneolaíochta, athruithe ar an tsochaí agus an daonra a théann ar scoil, an dúshlán a bhaineann le hoideachas cuimsitheach, agus athruithe i dteoiric agus cleachtas an teagaisc agus na foghlama. Áirítear ar thosca comhthéacsúla in Éirinn: maoiniú stáit don oideachas luathóige; athruithe ar bheartas agus reachtaíocht maidir le cuimsiú leanaí le riachtanais speisialta oideachais; díriú níos mó ar chomhionannas inscne sa tsochaí; struchtúir teaghlaigh atá ag athrú agus creimeadh na gcaidreamh traidisiúnta idir an scoil agus an teaghlach; an bhearna atá ag méadú idir saibhir agus daibhir; teacht chun cinn na folláine mar réimse sainiúil imní do pháistí agus múinteoirí; an dearcadh gur cheart don scoil freagracht a ghlacadh as fadhbanna sochaíocha a réiteach; tionchair dlí a bhaineann le gach gníomh i gcultúr dlíthíochta; struchtúr ar leith an chórais bunscoile.

Mar gheall ar theicneolaíocht na cumarsáide, tá rochtain ag páistí ar eolas agus ar leibhéil nascachta nach raibh ar an saol in aon chor nuair a bhí curaclam 1999 á fhorbairt. Díríodh sa mhéid a dúradh anseo ar na contúirtí a bhaineann leis seo seachas a chumas oideachais.

Tá sochaí na hÉireann níos casta agus níos éagsúla, agus tá ár ndomhan, go domhanda agus go háitiúil, níos contúirtí agus níos dúshlánaí chun clann a thógáil ann. Caithfear féachaint níos géire agus an curaclam á fhorbairt ná mar a féachadh roimhe seo ar thaithí na hóige, ar an mbrí a bhaineann le bheith i do pháiste ag fás aníos agus ag foghlaim inniu agus sa todhchaí. Thacaigh roinnt freagraí leis an dearcadh, agus nascacht dhomhanda fásta chomh mór, go bhfuil domhan an pháiste aonair laghdaithe, agus tá spás níos lú agus níos cosanta aige anois ina thimpeallacht fisiciúil.

Tá *riachtanas níos mó don chuimsiú i seomraí ranga bunscoile i dtéarmaí teanga, cine, cumais agus reiligiúin.*

Tá *athrú go fóill ó chónaí faoin tuath go dtí an chathair agus tá coincheapa an aitheantais sa tsochaí athraithe m.sh. reiligiúnach, inscne, srl.*

*Saincheist anois do scoileanna is ea murtall agus drochshláinte san óige.*

*Tá athrú ar an tuiscint atá againn ar an teagasc. Tá i bhfad níos mó béime ar chaidrimh agus ar scoileanna mar phobail foghlama.*

## Cé ar a bhfuil luach ag an tsochaí do pháistí agus don óige

Díríodh go leor den phlé ar na rudaí ar cheart go mbeadh luach againn orthu sa tsochaí. Caithfear luachanna na sochaí tomhaltaí a dhiúltú agus páistí a shaoradh ó instinn róchosantach a dtuismitheoirí.

*Caithfimid éisteacht le guth páistí agus cruth á chur againn ar an gcuraclam, chun a gceart le taithí oideachais bharántúil a chosaint. Ní chuidíonn luachanna na sochaí le cúrsaí uaireanta.*

## Luachanna agus cuspóirí morálta curaclaim

Bhí siad seo i measc roinnt treochtaí a sainaithníodh agus a pléadh:

- tábhacht na scoile mar chorp luachanna; an teannas idir luachanna braite an churaclaim agus luachanna a 'fhorchuirtear' trí phátrúnacht
- an tábhacht a bhaineann le comhairliúchán leathan mar bhuntaca ag cuspóir morálta an churaclaim
- an tábhacht a bhaineann le forbairt chomhthráthach tacaíochta múinteora agus forbairt curaclaim chun meas a bheith ar mhúinteoirí agus a róil ghairmiúla i scoileanna.

## Luachanna a chur in iúl i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

Chuaigh an plé ar ais chuig an tábhacht a bhaineann le forbhreathnú curaclaim soiléir: *ba cheart go bhfógródh an curaclam é féin i dteanga shoiléir agus inrochtana...seachain teanga theicniúil, coinnigh simplí é; ach, caithfidh sé a bheith láidir ar bhonn acadúil.* Caithfidh an fhís a chuirtear in iúl san fhorbhreathnú *spás a fhágáil do ghnéithe atá deacair le tomhas cosúil le grá, dóchas, sonas.*
Ba cheart go mbeadh na luachanna a chuirtear i láthair sa churaclam

- luaite go soiléir agus go comhleanúnach: *trí chearta an duine, cearta an pháiste, comhionannas, oideachas do shaoránaigh, freagrachtaí agus tiomantas don chuimsiú a áireamh*..ach ní hamháin mar *dhordfhocail*
- *comhréiteach a léiriú ina leagtar amach luachanna leathana, comhaontaithe cosúil le meas, cáilíocht, forbairt iomlánaíoch an pháiste*
- aithint, i sochaí iolraíoch go bhfuil léirmhínithe éagsúla ar na téarmaí seo, mar sin go mb'fhéidir go bhfearr *ligean do scoileanna iad a chur in iúl ar a mbealach féin.*

Leagadh béim ar an *luach atá le creat curaclaim..córas níos leithne a fhreastalaíonn ar chineálacha éagsúla rannpháirtíochta leis an oideachas.* Measadh go raibh *Aistear* suntasach chuige seo: *in Aistear...tá creat agus breac-chuntas ar luachanna agus prionsabail agus...tá solúbthacht chun iad seo a fhorfheidhmiú ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Mar chreat, d'fhéadfadh athfhorbairt an churaclaim náisiúnta go leor a fhoghlaim ó Aistear.* Ach, beidh gá le hardleibhéil tacaíochta do mhúinteoirí agus iad ag athrú chuig creat.
Arb iad na torthaí foghlama an bealach is fearr chun luachanna a chur in iúl nó a leabú? Cheistigh roinnt daoine an fiúntas a bhaineann le cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim páistí i dtéarmaí torthaí foghlama, agus ba cheart fiosrú breise a dhéanamh ar roghanna anseo:

- *meastar go bhfuil tábhacht le tuiscint níos leithne ar an bhfoghlaim, ní hamháin i dtéarmaí torthaí foghlama*
- cabhraíonn torthaí foghlama chun cuspóir a leagan amach don fhoghlaim, *déantar cur síos i gCuraclam Teanga na Bunscoile agus i nDréacht-Churaclam Matamaitice na Bunscoile araon ar fhoghlaim páistí i dtéarmaí torthaí..b'fhéidir go mbeadh gá é seo a léiriú i réimsí eile den churaclam athfhorbartha*
- *beidh tacaíocht ag teastáil ó mhúinteoirí chun tuiscint a fháil ar an méid a bhfuiltear ag súil leis uathu.*

# Conclúid

I dtéarmaí foriomlána, d'fháiltigh na rannpháirtithe roimh an treo a bhí á leagan amach ag CNCM chun taighde acadúil láidir a tháirgeadh le tacú leis an bpróiseas chun réasúnaíocht a chur in iúl do churaclam bunscoile athfhorbartha ag an am seo. Bhí siad buíoch as an deis chun páirt a ghlacadh in athbhreithniú agus in athfhorbairt an churaclaim. Cé gur féidir argóint a dhéanamh maidir le cuspóirí, luachanna agus prionsabail i gcóras oideachais agus, curaclam bunscoile go háirithe, d'aontaigh gach duine go mbeadh gá iad a chur in iúl ar bhealach achomair agus inrochtana a bheidh ábhartha do mhúinteoirí agus don tsochaí níos leithne amach anseo.

Is féidir féachaint ar chuir i láthair spreagaithisc an tseimineáir anseo. Shainaithin an painéal de cheathrar príomhoidí agus múinteoirí láidreachtaí agus dúshláin churaclam 1999 ina scoileanna agus d'fhreagair siad ceisteanna ón urlár. Tá foirm freagartha ar líne ag gabháil leis na páipéir thaighde chun tuilleadh deiseanna a thabhairt do fhreagraí ar an taighde.

## Aguisín 1: Eagraíochtaí ar Páirtithe Leasmhara iad ar tugadh cuireadh chuig an Seimineár dóibh

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Foras Pátrúnachta

Cumann um Oideachas Drámaíochta in Éirinn

Association of Childcare Professionals

Cumann Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann

Autism Ireland

Barnardos Éireann

Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha

Lárionad Ceannaireachta Scoile

An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí

Bord Oideachais Eaglais na hÉireann

Cumann Ríomh-Oideachais na hÉireann

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

Tionscadal DICE

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Luath-Óige Éireann

An tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta

An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Ag Foghlaim le Chéile

Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

Comhlacht Oideachais na hÉireann

An Foras Taighde ar Oideachas

Foras na Gaeilge

Coláiste Hibernia

Rannóg Sláinte agus Folláine FSS

Ionchuimsiú Éireann

Cumann Múinteoirí Éireann

Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann

Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann

Ionaid Tacaíochta Oideachais Éireann

Lifeways Ireland Ltd

Institiúid Oideachais Marino

Coláiste Mhuire Gan Smál

Ollscoil Mhá Nuad

Migrants Rights Council Ireland

Gréasán Náisiúnta Óige

Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

An tOmbudsman do Leanaí

PLÉ

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Royal Society of Chemistry

Safefood

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Gréasán OSPS

Aontas Múinteoirí Éireann

An Chomhairle Mhúinteoireachta

The Ark

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# Aguisín 2: Ceisteanna i gcomhair Plé

## Plé 1

1. Céard iad na cuspóirí atá le curaclam náisiúnta? Cén chaoi is fearr ar féidir leis tacú le hoideachas páistí i mbunscoileanna?
2. Tugtar léargas sa tábla thíos ar na tosaíochtaí don oideachas bunscoile bunaithe ar chomhairliúchán in 2012 (CNCM). Céard é do thuairim fúthu seo? An bhfuil siad cuimsitheach?

| Tosaíochtaí na bunscoile |
|---|
| • Smaointeoireacht, foghlaim agus scileanna saoil a fhorbairt<br>• Cumarsáid mhaith a dhéanamh<br>• A bheith go maith<br>• Scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt<br>• A bheith páirteach i bhfoghlaim<br>• Ómós aitheantais agus muintearais láidir a bheith ann |

3. Ar cheart go mbeadh cuspóir, aidhmeanna agus prionsabail lárnacha an chórais oideachais leagtha amach sa churaclam athfhorbartha nó ar cheart go ndíreodh sé ar churaclam na bunscoile amháin?
4. An curaclam nó creat curaclaim is oiriúnaí do chomhthéacs na hÉireann? Cén chaoi is fearr a d’fhéadfaí tacú le múinteoirí cibé solúbthacht atá ar fáil sa churaclam athfhorbartha a úsáid chun oiriúnú áitiúil a cheadú do riachtanais agus comhthéacsanna éagsúla?

## Plé 2

1. Céard iad na príomhathruithe a tháinig ar an tsochaí ó seoladh Curaclam na Bunscoile (1999) a bhfuil tionchar acu ar theagasc agus foghlaim i mbunscoileanna na hÉireann?
2. Cé ar a bhfuil luach ag an tsochaí do pháistí agus don óige?
3. Cén áit as ar cheart do luachanna agus cuspóirí morálta curaclaim teacht?
4. Cén chaoi ba cheart iad seo a chur in iúl i gcuraclam bunscoile?

# Aguisín 3: Seimineáir agus Cuir i láthair Spreagaithisc

| **Seimineáir** | **Cuir i láthair Spreagaithisc** |
|---|---|
| Seimineár 1: ***Cuspóir an Churaclaim*** | ▪ An Dr Thomas Walsh, Ollscoil Mhá Nuad – Athbhreithniú ar an Réamhrá ar Churaclam na Bunscoile (1999)<br>▪ An Dr Jones Irwin, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Tosaíochtaí agus luachanna na sochaí |
| Seimineár 2: ***Sineirgí Cumhachtacha*** | ▪ An tOllamh Louis Volante, Ollscoil Brock – Oideolaíocht agus Meiti-chleachtais<br>▪ An Dr Karin Bacon, Instítiúid Oideachais Marino – Comhtháthú Curaclaim<br>▪ An tOllamh Emerita Carol McGuinness, Ollscoil na Banríona – inniúlachtaí an 21ú haois<br>▪ An tOllamh Dominic Wyse, University College London – Ról an eolais i gcuraclaim |
| Seimineár 3: ***Léargais Nua*** | ▪ Bernie McNally, RLGÓ – Comhthéacs agus forbairtí beartais i soláthar luathbhlianta<br>▪ An Dr Harold Hislop, An Roinn Oideachais agus Scileanna – An soláthar reatha agus dúshláin sa todhchaí i dtaithí foghlama luathbhlianta<br>▪ An tOllamh Emer Smyth, ITES – Aistriú chuig an oideachas bunscoile<br>▪ An Dr Alejandra Cortázar, CEPI, An tSile – Ailíniú agus dul chun cinn curaclaim |
| Seimineár 4: ***Turais Foghlama a Bhreisiú*** | ▪ An Dr Emer Ring, an Dr Lisha O'Sullivan, Marie Ryan agus Patrick Burke, Coláiste Mhuire Gan Smál – Teoiricí foghlama<br>▪ CNCM – dearcthaí tuismitheoirí ar churaclam athfhorbartha bunscoile |
| Seimineár 5: ***An Turas ar Aghaidh a Rianú*** | ▪ Sharon O'Donnell – Curaclaim bhunscoile idirnáisiúnta<br>▪ An tOllamh Michael O'Leary agus an Dr Zita Lysaight, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Measúnú, foghlaim agus teagasc a ailíniú in athchóiriú agus forfheidhmiú curaclaim |

NCCA